# Nuacht Neasáin

**Deireadh Fómhair 2020**


**Cumarsáid**

Uimhir na hoifige

8316228

R-phost an Rúnaí

runaiscn@gmail.com


**Teacht agus Imeacht ón Scoil**

Meabhraímid do gach duine arís gan bailiú ag na geataí roimh am oscailte na scoile agus fanacht ag na línte buí le gur féidir siúl isteach go mall socair. Mar a chéile dóibh siúd ar rothair iarraimid orthu seasamh isteach ar an bhféar ag na línte buí agus gan bailiú i lár an chosáin

*We would like to remind everyone again not to congregate at the gates in the morning or when collecting children and to adhere to the yellow markings on the railings while waiting. This also applies to the cyclists who are asked to keep off the path and line up at the yellow markings on the grass verge.*

Tá sé seachtain déanta againn ar scoil agus ba mhaith linn tréaslú leis na gasúir as a gcuid iarrachtaí, dearfacht agus cur chuige ó tháinig siad ar ais. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le tuismitheoirí as comhoibriú linn chomh maith. Is deacair a chreidiúint go rabhamar ar fad ag ullmhú don dinnéar mór 50 bliain taca an ama seo anuraidh. Tá saol na scoile, na clainne agus na tíre athraithe go mór ó shin. Táimid ag druidim le hOíche Shamhna agus ba mhaith linn nósmhaireacht na scoile a choinneáil áit a ngléasann na gasúir suas ag teacht ar scoil ar an Aoine roimh an mbriseadh. Ní bheidh ar ár gcumas bailiú le chéile sa halla faoi mar a dheinimís blianta eile ach tá sé i gceist again breathnú ar na ranganna agus iad ag siúl timpeall na scoile. Táimid ag súil go mór lenár gcailleachaí, cnámharlaigh agus iliomad feistis eile a fheiceáil ar an 23 Deireadh Fómhair.

*We have over six weeks completed at school and we would like to congratulate the children on their efforts, positivity and engagement since returning to school. Thanks to all of the parents also for your continued co-operation. It is hard to believe that this weekend last year we were all celebrating 50 years with our dinner in Santry. School, family and life in general have all changed so much since then. We are approaching Halloween and we would like to continue our usual tradition of dressing up on the Friday just before the break. We will not be able to gather in the hall as we have done in previous years but intend to let the children parade around the outside of the school. We are looking forward to our witches, skeletons and monsters on the 23rd.*

**Dé Céadaoin 14 DF**
**Grianghrafadóir**

Beidh an grianghrafadóir sa scoil Dé Céadaoin seo chugainn 14 DF chun grianghraf aonair agus clainne a ghlacadh. Beidh na grianghraf á ghlacadh taobh amuigh. Cuirfear na grianghraf aonair le chéile chun grianghraf ranga a chruthú.
Níl aon bhrú ar éinne grianghraf a cheannacht ach sa chás go mbeidh grianghraf clainne de dhíth iarraimid oraibh é sin a chur in iúl dúinn tríd an nasc seo a bhrú. Ní mór dúinn an t-eolas a bheith againn roimh réidh chun na páistí a eagrú.

*The school photographer will be in the school next Wednesday to take individual and family photos. Photos will be taken outside and the individual photos will be put together to create the class photos for this year.*
*There is no pressure to purchase but should you wish to have a family photo taken on the day we ask that you fill this form. We need to have this information before Wednesday as we have to arrange the logistics.*

*https://forms.gle/gEyFNv2zy2bDSLrU7*

## Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

**Is cúis mhór díomá dúinn nach bhfuil ranganna Honor ar siúl sa scoil I mbliana. Tá na ranganna ag leanacht ar aghaidh i suíomh nua agus ar líne.**

Tá na páistí ar ais ar scoil anois, cad fútsa?? Now that the children are finally back at school, what about you? Irish language classes for adults: Would **you** like to learn a cúpla focal in a friendly relaxed atmosphere? Nó, ar mhaith leat cur leis an nGaeilge atá agat cheana féin? This year when almost all adult education centres are closed, there is a unique opportunity to learn Irish from scratch or to polish up what you already have. MORNING classes for adults (3 levels) are starting in October in KLEAR, Kilbarrack,(classes can also be followed via Zoom) **with a particular welcome for beginners/false beginners.** For further information, please contact Honor @ 8530437 Facebook: Honor's Irish. www.honors-irish.ie. honorclynes@gmail.com

## Seachtain Matamaitice

Beidh seachtain matamaitice ar siúl an tseachtain seo chugainn agus beidh béim á chur ar ghníomhaíochtaí matamaitice. Beidh an scoil ag glacadh páirte mar fhoireann i ndúshlán i measc scoileanna ar Mangahigh. Gheobhaidh na ranganna atá ag glacadh páirte login ar leith ó na múinteoirí agus gheobhaidh siad pointí don scoil bunaithe ar an am a chaitheann siad ag cleachtadh. Ba mhaith linn na gasúir a spreagadh le páirt a ghlacadh sa dúshlán seo mar go bhfacamar tionchar an-dearfach ar mhata sa scoil an uair dheireannach gur ghlacamar páirt i dtionscnamh dá leithéid. Beidh ainm an deichniúr is mó ghníomhaíochta sa scoil ar taispeáint ar chlár scórála gach seachtain. Is léiriú ar ghníomhaíocht seachas cumas atá i gceist.

*Next week is Maths Week and we will be focusing on maths activities. The school will be taking part in an interschool maths challenge on Mangahigh. The classes involved will receive their login from their teacher and will get points for the school based on their interaction with the site. We would like to encourage the children to partake in this initiative as the last time we were involved with a similar project the constant practice made a big difference to the children. The names of the 10 most active children on Mangahigh in the school will be displayed. This is a leaderboard of activity rather than attainment.*

## Showbie

Táimid tar éis go leor béime a leagadh ar Showbie le cúpla seachtain anuas agus tá go leor de na gasúir ag déanamh cumarsáid lena múinteoirí agus ag seoladh isteach obair tríd. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil roinnt clanna ag úsáid an login céanna do gach páiste. Is fearr más féidir in aon chor é login dá c(h)uid féin a shocrú do gach páiste atá á úsáid. Munar féidir é sin a dhéanamh iarraimid go n-ainmnítear na páistí sa chlann sa login. Msh Seán / Máire Ó Dúill.
Seachas seo tá múinteoirí i ranganna naíonáin abair le páistí i R6 ina rang.
Beidh idirghníomhaíocht ar Showbie fíorthábhachtach sna seachtainí atá romhainn agus iarraimid ar éinne nach bhfuil tar éis cuntas a chruthú é sin a dhéanamh.

*We have been emphasising the use of Showbie and encouraging interaction over the past few weeks and many of the children are communicating directly with their teachers and uploading work to the platform. We have noticed that some families are using the one login for all children. If at all possible it is better to have separate logins but in the case of only one log-in it would be very helpful if the user name contained the names of all the children i.e. Seán / Máire Ó Dúill. Otherwise teachers are dealing with sibling names within their class lists. For example a teacher in junior infants may have a 6th class sibling listed in their class rather than the junior infant child.*
*In the coming weeks Showbie will be very important and the ability to use the platform competently necessary. We ask anyone who has yet to create an account to do so as soon as possible.*

## Fógra Iontrála / Admission Notice 2021

Tá fógra iontrála in airde ar an suíomh idirlín. Má tá ainm do pháiste ar liosta againn ní gá aon rud eile a dhéanamh.
*His year's admission notice is on the school website. If we already have your child's name there is nothing further you need to do.*